2026/2072

18.9.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2072 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Meán Fómhair 2026

maidir le péirlít a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh éanlaith chlóis lena ramhrú, éanlaith chlóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh atáirgeadh, éin ornáideacha, bainbh agus muca lena ramhrú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh isteach iarratas ar údarú péirlíte. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.

(3) Baineann an t-iarratas le péirlít a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch talún, agus iarrtar ann go n-aicmeofaí an breiseán sin sa chatagóir 'breiseáin theicneolaíocha' agus san fheidhmghrúpa 'oibreáin frithstolptha'.

(4) Sa tuairim uaidh an 18 Samhain 2025 ([2]), tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid go meastar péirlít a bheith sábháilte ar an uasleibhéal úsáide 20 000 mg/kg d'ábhar beatha iomlán le haghaidh sicíní lena ramhrú agus le haghaidh bainbh scoite. Leathnaítear an chonclúid sin chun sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh atáirgeadh, bainbh diúil agus muca lena ramhrú a chumhdach, agus eachtarshuitear í chuig éanlaith chlóis eile lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga/le haghaidh atáirgeadh agus chuig éin ornáideacha. Mar sin féin, i bhfianaise theorainneacha na staidéar a ndearnadh measúnú orthu, ní féidir teacht ar chonclúid maidir le sábháilteacht péirlíte le haghaidh speicis agus catagóirí talún eile. Chinn an t-iarratasóir an t-iarratas a tharraingt siar maidir le speicis/catagóirí seachas éanlaith chlóis lena ramhrú nó a thógtar le bheith ina mbéaróga/le haghaidh atáirgeadh, éin ornáideacha, bainbh (diúil agus scoite) agus muca lena ramhrú. Tháinig sé ar an gconclúid freisin go bhfuil an breiseán sábháilte don tomhaltóir agus don chomhshaol faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Maidir le sábháilteacht úsáideoirí, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach greannaitheoir craicinn ná súl é an breiseán ach go meastar gur íogróir deirmeach agus riospráide é. Meastar gur riosca é nochtadh trí bhealaí deirmeacha agus ionanálaithe agus ba cheart é a íoslaghdú. Tháinig sé ar an gconclúid thairis sin go bhfuil péirlít éifeachtúil mar oibreán frithstolptha i mbeatha le haghaidh speicis ainmhithe talún. D'fhíoraigh an tÚdarás freisin an tuarascáil maidir leis an modh anailíse ar an mbreiseán beathaithe i mbeatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(5) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann péirlít na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte sin a údarú le haghaidh éanlaith chlóis lena ramhrú, éanlaith chlóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh atáirgeadh, éin ornáideacha, bainbh agus muca lena ramhrú. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj.
([2]) *EFSA Journal* [Iris EFSA]. *2025;23:e9781*. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9781.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn, a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'oibreáin frithstolptha', údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: oibreáin frithstolptha								
1i599	Péirlít	*Comhdhéanamh an bhreiseáin* Péirlít, leathnaithe ≥ 95,0 % Foirm sholadach. *Saintréithriú na substainte gníomhaí* Péirlít (sileacáit sóidiam agus alúmanaim): Péirlít leathnaithe (gloine bholcánach alúmanaisileacáite dímhorfach) ≥ 95 %, Iathchlocha sóidiam agus potaisiam ≤ 1 % A fhaightear trí mhianadóireacht Uimhir CAS 93763-70-3 Uimhir CE 618-970-4 Foirmle cheimiceach: $Al_6H_{10}K_2Na_2O_{76}Si_{30}$ Eisíontais: Nicil: ≤ 2.48 mg/kg Silice chriostalta inanálaithe: ≤ 1 % Saor ó aispeist ([1]) *Modh anailíse* ([2]) Maidir le saintréithriú an bhreiseáin beathaithe: — Speictriméadracht díraonta x-ghathaigh (DXG) (EN 13925) agus — Speictriméadracht fluaraiseachta X-ghathaí (FXG) (EN ISO 12677)	Éanlaith chlóis lena ramhrú Éanlaith chlóis a thógtar le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh atáirgeadh Éin ornáideacha Bainbh Muca lena ramhrú	-	-	20 000	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála. 2. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann agus don análú. Tabharfar aird ar leith ar chomhlíonadh reachtaíocht an Aontais maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí ionanálaithe a bhaineann le nochtadh do shilice chriostalta agus nicil.	an 8 Deireadh Fómhair 2036

([1]) Leictreonmhicreascópacht tarchuir (LMT)

([2]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga